# Leath a Aimsiú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – codáin, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú - Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé – torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a chlárú ag úsáid léaráidí, pictiúr agus siombailí<br><br>Réasúnaíocht – boinn a thabhairt le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | iomlán amháin, leath, ceathrú, coibhéiseach le, sann |
| **Áiseanna** | bataí Cuisenaire, Uirlís Cuisenaire Mol Mata, páipéar cearnógach $cm^2$, pinn luaidhe daite |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Roghnaigh an bata dearg ón mbosca Cuisenaire nó ón Uirlis Cuisenaire Mol Mata. Iarr ar na daltaí cé acu bata a dhéanann leath den bhata seo a shainaithint. Cuir an dá bhata bhána faoin mbata dearg chun an rud seo a léiriú. Roghnaigh bataí eile le taispeáint go léirítear dhá leath i dteaglamaí difriúla. Mar shampla, is ionann dhá bhata bhuí agus bata oráiste amháin. Iarr ar na daltaí iad seo a léiriú leis na bataí agus go pictiúrtha. Taifead iad seo le gabháil scáileáin nó ar pháipéar $cm^2$.

### 2 Gníomhaíocht 2

Athdhéan agus sín Gníomhaíocht 1 chuig daltaí agus léirigh ceathrú amháin ar bhealaí éagsúla. Taifead iad seo leis an Uirlis Cuisenaire Mol Mata nó leis na bataí iad féin. Mar shampla, agus an bata corcra in úsáid, leag amach bataí dearga chun dhá leath a léiriú agus ansin bataí bána chun ceathrúna a léiriú. Taifead iad seo le gabháil scáileáin nó ar pháipéar $cm^2$.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn daltaí patrúin nó pictiúir le bataí agus na gaolmhaireachtaí codáin a d'fhoghlaim siad in úsáid acu. Mar shampla, ní mór dóibh bata bán a úsáid gach uair a úsáideann siad bata dearg chun a léiriú go seasann sé do leath. Ansin, cuireann siad síos ar a bpictiúr do chomhscoláire nó do ghrúpa, ag míniú cén fáth ar roghnaigh siad bataí de dhathanna difriúla. Ansin, labhraíonn siad faoi na gaolmhaireachtaí codáin difriúla léirithe ag an bpictiúr, nó ag luach iomlán an phictiúir nuair a shuimítear na codáin. Is féidir é seo a shíneadh ar chúpla caoi, ceathrúna a úsáid nó nuair a chruthaíonn daltaí a gcuid patrún nó pictiúr. Taifead iad seo le gabháil scáileáin nó ar pháipéar $cm^2$.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
| --- | --- |
| • Cé acu dath bata is leath é den cheann seo?<br>• Cé acu dath bata is leath é den bhata glas?<br>• Más leath é an bata seo, cé mhéad de na bataí a bheadh ag teastáil uainn le bheith ar comhfhad leis an gceann fada?<br>• Cé acu de na bataí nach bhfuaireamar comhpháirtithe dóibh? Cén fáth? | • Más leath é an bata dúghorm seo cé acu de na bataí is féidir linn a chomhcheangal leis an iomlán a dhéanamh?<br>• Cad atá ar eolas againn faoi na gaolmhaireachtaí idir bataí Cuisenaire?<br>• Cad a tharlóidh má shannaimid luachanna difriúla do bhataí difriúla?<br>• Cad a tharlódh dá mba rud é go raibh an bata oráiste 100 in áit 10?<br>• An féidir linn iad a shocrú i bpéirí ionas gur leath de bhata eile é bata amháin? |

## Difreáil

Socraigh líon na mbataí úsáidte le codáin a léiriú de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.